



General Certificate of Secondary Education  
2009

## Matamaitic



Modúl N1 Páipéar 1  
(Gan Áireamhán)  
Bonnsraith  
[GMN11]

DÉ LUAIN 18 BEALTAINE  
1.30 pm – 2.15 pm

AM

45 nóiméad.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa cheistpháipéar seo.

Freagair **gach ceann** den **aon** cheist **déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

**Níl cead** agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 44 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúbíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Ba chóir duit rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.

StudentBounty.com

aid

71	
----	--

Uimhir Iarrthóra

--


Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	

Marc Iomlán	
-------------	--


## LEATHANACH BÁN

- 1 (a) Anseo thíos tá na líonta de dhá sholad.  
Ainmnigh na solaid. Roghnaigh do fhreagraí as an liosta seo a leanas

sorcóir    pirimid le bonn triantánach    cón    ciúbóideach  
ciúb    pirimid le bonn cearnógach



Líon A




Líon B

Freagra Líon A \_\_\_\_\_

Freagra Líon B \_\_\_\_\_ [2]

(b)



Comhlánaigh na habairtí seo thíos. Roghnaigh focail ón liosta

trastomhas    teascóg    ga    corda    imlíne    teascán

Is é O lárphointe an chiorcail agus is pointe é A ar \_\_\_\_\_  
an chiorcail.

Is é an líne OA \_\_\_\_\_ den chiorcal.

Is é an líne BC \_\_\_\_\_ den chiorcal. [3]

- 2 Cuireadh ceist ar 90 dalta faoin bhlas uachtar reoite is fearr leo. Anseo thíos tá an chéad 3 sraith den phicteagram.

**Blas uachtar reoite is fearr leo**



- (a) Is fearr le 24 dalta Sú talún.  
Comhlánaigh an eochair:

 = \_\_\_\_\_ dalta [1]

- (b) Cá mhéad dalta ar fearr leo Cíor mheala?

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

- (c) Comhlánaigh an tsraith sa picteagram le haghaidh Seacláide. [2]

3 12 13 14 15 16 17 18

Ón liosta uimhreacha thuas scríobh

- (a) an uimhir chearnach

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

- (b) an t-iolraí de 9

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

- (c) an dá uimhir ar fachtóirí de 36 iad

Freagra \_\_\_\_\_ agus \_\_\_\_\_ [1]

4 Amharc ar an phatrún uimhreacha seo thíos.

$$1$$
$$1 + 3$$
$$1 + 3 + 5$$
$$1 + 3 + 5 + 7$$

(a) Faigh na hiomláin don chéad 4 líne sa phatrún seo.

Freagra \_\_\_\_\_ , \_\_\_\_\_ , \_\_\_\_\_ , \_\_\_\_\_ [1]

(b) Cad é an t-ainm speisialta atá ar na hiomláin seo?

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

5 (a) Faigh  $500 - 272$

Freagra \_\_\_\_\_ [2]

(b) Scríobh 26 milliún i bhfigiúirí.

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

6 Taispeáin go bhfuil na huimhreacha seo a leanas in ord ardaitheach de réir méide.

$$28\%, \frac{3}{10}, 0.4$$

[3]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc


7 (a) Aoiseanna peileadóirí áirithe atá sa liosta thíos

25 15 27 18 24 17 21 18 18 17

Cad é meánaois na bpeileadóirí?

Freagra \_\_\_\_\_ [3]

(b) Taispeánann an phíchart cad é mar a chaith Seán sé huaire an chloig sa bhaile tráthnóna amháin.



(i) Cá mhéad ama a chaith sé ar an obair bhaile?

Freagra \_\_\_\_\_ uair [2]

(ii) Déan meastachán ar an méid ama a chaith sé ag amharc ar an teilifís.

Freagra \_\_\_\_\_ uair [1]

(iii) Tomhais an uillinn le haghaidh cluichí.

Scrúdaitheoir Amháin


Marcanna Athmharc

Freagra \_\_\_\_\_ ° [1]

8 (a) Tá dronuilleog 6 cm ar fad agus 2 cm ar leithead. Ríomh an imlíne.

Freagra \_\_\_\_\_ cm [1]

(b) (i)



Ríomh toirt an chiúbóidigh dar fad 15 cm, dar leithead 10 cm agus darb airde 12 cm.

Freagra \_\_\_\_\_ [3]

(ii) Is é  $120 \text{ cm}^3$  toirt ciúbóidigh eile.

Tá an ciúbóideach seo 8 cm ar fad. Tá sé 5 cm ar leithead.


Faigh airde an chiúbóidigh.

Freagra \_\_\_\_\_ cm [2]

- 9 Thairfead daltaí dath na gcarranna a chuaigh thart lena scoil ar feadh tamall beag.

Gorm	15
Glas	10
Bán	9
Dubh	5
Dearg	21

Tarraing píchart leis an fhaisnéis seo a léiriú.



[4]




10 (a) Comhlánaigh an tábla do  $y = 3x - 1$

$x$	-1	1	3	4
$y = 3x - 1$		2	8	11

[1]

(b) Uaidh sin, tarraing an graf de  $y = 3x - 1$



[2]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

11 (a) Ríomh  $5^2 \times 2^3$

Freagra \_\_\_\_\_ [2]

(b) Scríobh  $\frac{7}{8}$  mar chéatadán.

Freagra \_\_\_\_\_ % [2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

---

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---



